IARRATAS A DHÉANAMH AR AN gCÚRSA

Déan iarratas ar líne, le do thoil, ag an suíomh www.pac.ie. D'fhéadfadh athrú teacht ar spriocdháta an chúrsa. Tá eolas cothrom le dáta faoi spriocdháta na gcúrsaí uile le fáil ar na suímh seo a leanas www.pac.ie nó www.go4th.ie/acadamh nó www.acadamh.ie

Is cóir na cáipéisí seo a leanas a théann le d'iarratas a sheoladh chuig Ionad na nIarratas Iarchéime ag an seoladh seo a leanas: Ionad na nIarratas Iarchéime, Urlár 1, Teach an Túir, Sráid Eglinton, Gallimh, Éire.

- Cóip oifigiúil de do chuid torthaí céime tríú leibhéal. Más rud é go bhfuil tú ag fanacht le torthaí deiridh do chéime, seol tras-scríbhinn de thorthaí deiridh do chéime chomh luath agus a bheidh siad sin ar fáil. Scríobh teideal an chláir ar chuir tú isteach air ar an taobh eile den fhoirm iarratais agus de na cáipéisí tacaíochta cuí.

- Cóip de do theastas breithe. Más mac léinn/iarmhac léinn ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh thú, ní gá cóip oifigiúil de do chuid torthaí céime tríú leibhéal ná cóip de do theastas breithe a sheoladh isteach.

- C.V./Portfóilió/Litreacha Molta.

Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Guthán: 00 353 91 59 51 01
R-phost: conchur.ogiollagain@oegaillimh.ie

Ollscoil *na* hÉireann, Gaillimh
National University of Ireland, Galway

M.A.
(PLEANÁIL TEANGA)

Lánaimseartha: Bliain Acadúil Amháin (Cód PAC: GYA76)

Páirtaimseartha: Dhá Bhliain Acadúla (Cód PAC: GYA72)

ACADAMH
na hOllscolaíochta Gaeilge

DEISEANNA OIDEACHAIS CEATHRÚ LEIBHÉAL
IN OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

go4th™

Oideachas Iarchéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

www.go4th.ie/acadamh

M.A.
(PLEANÁIL TEANGA)

Iarchéim cheannródaíoch atá sa chúrsa seo a chuirfidh go mór le hacmhainn an mhic léinn tabhairt faoin bpleanáil teanga. Is é an tAcadamh an chéad fhoras tríú leibhéal in Éirinn nó san Eoraip le cúrsa iarchéime i réimse na pleanála teanga a chur ar fáil.

Tá an clár acadúil seo á chur ar fáil chun an phleanáil teanga a fhorbairt ina réimsí gairmiúla, oiliúna agus acadúla d'fhonn cuidiú le scoláirí iarchéime agus le daoine gairmiúla anailís a dhéanamh agus tuiscintí forásacha a shaothrú ar na riachtanais teanga a bhaineann leis an bpleanáil straitéiseach.

Cuspóirí

- Ar chríochnú an chláir beidh na hiarrthóirí ar an eolas maidir leis na tuiscintí i réimsí na socheolaíochta, na teangeolaíochta, na pleanála straitéisí agus an dioscúrsa chultúrtha is cinniúnaí don phleanáil teanga.
- Tabharfar oiliúint phraiticiúil i dteicneolaíocht faisnéise a bhaineann leis an anailís shóisialta agus sochtheangeolaíochta is riachtanaí don phleanáil teanga.
- Breathnófar ar shaincheisteanna comhaimseartha a bhaineann leis an bpleanáil teanga sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Cuirfidh an clár seo le cumas anailísithe agus straitéiseach na n-iarrthóirí an phleanáil éifeachtach teanga a chur i bhfeidhm ar an réimse saoil/gairmiúil a bhaineann lena gcúram.

EOLAS	
Cód PAC:	GYA72 Páirtaimseartha / GYA76 Lánaimseartha
Cód NUIG:	1MPT1
Modh Staidéir:	Páirtaimseartha – Dhá Bhliain / Lánaimseartha - Bliain Amháin
Áiteanna ar Fáil	20
Spriocdháta:	03/04/2009 (Iarratais tosaigh)
Dáta tosaigh:	Meán Fómhair 2009

go4th™
Oideachas Iarchéime in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

Meáchan ECTS - Meáchan 90 ECTS

Táille
Le socrú.

Iarratas
Déan iarratas ar líne, le do thoil, ag an suíomh www.pac.ie. Tá cód cuí iarratais PAC thuas ag barr an leathanaigh. Caithfear d'iarratas a dhéanamh ar líne as Gaeilge ar **www.pac.ie.**

Riachtanais Iontrála
Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil ceann acu seo a leanas acu:

- Bunchéim onóracha (2.2 ar a laghad), nó
- Bunchéim agus 3 bliana de thaithí ghairmiúil ar a laghad ag leibhéal bainistíochta nó feidhmeannaigh, nó
- 5 bliana nó os a chionn caite ag leibhéal bainistíochta nó feidhmeannaigh in earnáil na Gaeilge, san earnáil forbartha pobail nó san earnáil dheonach, ag plé le cúram atá gaolmhar leis an bpleanáil teanga. Caithfear portfóilió a réiteach a chlúdóidh: CV; liosta de do thaithí oibre le dátaí agus litreacha molta. Beidh réamhscrúdú le déanamh ag iarrthóirí nach bhfuil céim bainte amach acu.

Beidh eolas maith ar an nGaeilge idir labhairt agus scríobh de dhíth ar iarrthóirí agus beidh réamhagallamh le déanamh acu.

Measúnú
Tá ocht modúl sa chúrsa agus tugtar faoi chúig cinn acu sa chéad bhliain agus trí cinn sa dara bliain (thar dhá sheimeastar i gcás an chúrsa lánaimseartha). Beidh tráchtas (15,000 focal) le scríobh mar chuid den chúrsa. Eagrófar an cúrsa ar bhonn léachtaí, seimineár, grúpaí oibre straitéise agus ceardlann. Déanfar measúnú leanúnach ar dhul chun cinn na mac léinn bunaithe ar mhiontionscadail, aistí teoiriciúla, ar pháirtíocht i gcúraimí an chúrsa agus cuir i láthair a chuirfear i gcrích.

Deiseanna fostaíochta:
Cuirfidh cáilíocht iarchéime sa phleanáil teanga le deiseanna fostaíochta na mac léinn sna réimsí seo a leanas: sna forais Stáit Ghaeltachta; in eagraíochtaí teanga; sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí; sna Comharchumainn Ghaeltachta, sna Comhairlí Contae agus in eagraíochtaí fo-stáit agus pobail (fostaíocht mar Oifigigh Ghaeilge, mar shampla); agus san earnáil oideachais agus taighde.

Modúil an Chúrsa

Teideal an Mhodúil	Seimeastar nó Bliain	ECTS
Seimeastar 1		
Teoiricí Teangeolaíochta don Phleanáil Teanga	1	10
An Anailís Sochtheangeolaíochta	1	10
An Phleanáil Teanga mar Phróiseas	1	10
Modheolaíochtaí Taighde	1	5
Polasaí agus Pleanáil don Ghaeilge	1	5
Seimeastar 2		
An Fhorbairt Pobail	2	10
Teoiricí Eagraíochta	2	5
An Dioscúrsa Teanga	2	5
Iomlán		**60**
Miontráchtas	2	**30**
Iomlán		**90**

Comhordaitheoir an Chláir
An Dr Conchúr Ó Giollagáin
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge
Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Guthán: 00 353 91 59 51 01
R-phost: conchur.ogiollagain@oegaillimh.ie